

Cód maidir le dea-chleachtais do Imreoirí, Baili agus
tuismitheoirí C.L.G na Cheathrún Ruaidh



Reamhrá: Mar bhall de CLG na Ceathrún Ruaidh, táthar ag súil go mbeidh tú mar ambasadóir don Chumann i do iompar i gcónaí.

Cuspóirí

Seo a leanas cuspóirí an Chóid:

1. Dea-chleachtais a aontú agus a leagan síos.
2. Dea-chleachtais i measc na mball agus an lucht leanúna a chur chun cinn agus a fhorbairt.
3. Iompar den scoth agus dea-chleachtais a chur chun cinn i ngach gníomhaíocht de chuid an chumainn.
4. Go bhfuil sé soiléir do gach ball, tuismitheoir agus imreoir cad atá féaráilte nó cothrom agus má bhíonn aon éiginnteacht, amhras nó conspóid faoi cuirfear an cheist ós comhair an Coiste Peile na nÓg/Cumann Peile na mBan/Coiste Peile na Ceathrún Ruaidh más gá.
5. A chinntiú go bhfuil gach duine a íocann ballraíocht faoin spriocdháta ina mball de Chumann Lúthchleas Gael An Cheathrú Rua.

Cothrom na Féinne sa gCód

Tá Cothrom na Féinne sa gCód chun a chinntiú:

1. go n-imríonn na himreoirí don spraoi.
2. go gcaitear go cothrom le gach imreoir.
3. go n-úsáidfear páirt na n-imreoirí chun iad a fhorbairt ina n-intinn agus go fisiciúil, go sóisialta agus go morálta.

An Cód Iompair

Cód Iompar d'Imreoirí fásta:

Nóta: Ciallaíonn imreoir fásta imreoir atá ocht mbliana déag d'aois.

- *Déan do dhícheall agus imir de réir na rialacha.*
- *Imir le foighid.*
- *Is í an ghaeilge teanga an chumann agus an cheantar. Labhraím i gconaí í agus beidh meas agam uirthi.*
- *Is spórt foirne é an Pheil Ghaelach agus caithfidh tú có-oibriú le do thraenálaíthe, imreoirí agus baill eile den Chlub.*
- *Glac le cinneadh an réiteora. Is féidir le do chaitpáen nó do thraenálaí ceisteanna a chur.*
- *Déan freastail ar chuile seisiún traenála. Déan teagmháil le do bhainisteoir muna féidir leat a bheith i láthair.*
- *Cuimhnigh go bhfuil tú ag imirt ar do shon féin, ar son do chumann, do chlann agus an CLG.*
- *Bí ullmhaithe i gceart i gcóir traenáil agus cluichí. Ná tar ag traenáil nó cluiche agus ól déanta agat. Caithfear an riail dhian seo a chur i bhfeidhm ar mhaithe le sláinte agus sábháilteacht na mbaill go léir.*
- *Glacaim leis nach féidir liom imirt leis an gcumann go dtí go mbíonn an costas clárúcháin íoctha.*
- *Glacaim leis nach féidir ach cúram fisiteiripe an chumann a usáid le gortaithe agus go gcaithfear é a chur in iúl do bhainisteoir an fhoireann sula ndéanfar coinne. Íocfaidh an t-imreoir féin an táille leis an bhfisiteiripeoir agus aisíocfaidh an cumann an t-airgead leis an imreoir. Chun an aisíoc seo a fháil, caithfidh an t-imreoir an admháil a thabhairt don chisteoir(0879024540) **laistigh de choicís ó dáta an choinne.** Ag aon ócáid a dhéantar coinne le fisiteiripeoir, caithfear an bainisteoir a bheith ar an eolas faoi fiú amháin más coinnithe leanúnach iad.*
- **Tabhachtacht:** *Tuigim nach n-íocfaidh CLG na Ceathrún Ruaidh aon chostaisí ospidéal/leighis/fiaclóra muna bhfuil na foirmeacha cúí árachas líonta amach agam taobh istigh de 30 lá. **Tá an freagracht go h-iomlán ar an imreoir é seo a chuinntiú. Tá an fhoirm árachais le fáil ó 0861050970.***

Imreoirí óga:

Aidhm na gcluichí ná spóirt a bheith agat, feabhas a chur ar do chuid scileanna agus a bheith folláin.

- *Imir go cóir ar mhaithe le spraoi agus a bheith mar pháirt de chlann an CLG*
- *Déan do dhícheall agus imir de réir na rialacha.*
- *Imir le foighid.*
- *Bí spóirtiúl. Bíodh meas agat ar shár-imirt de shaghas ar bith. Ná bí ag eascaí ar an bhfoireann eile, ar oifigigh, ar thraenálaíthe ná ar bhainisteoirí.*
- *Bíodh meas agat ar do chó-imreoirí agus imreoirí ar fhoirne eile, is cuma má imríonn siad go maith nó nach n-imríonn.*
- *Ná déan bulaíocht ar aon imreoir ná ar éinne eile. Ní ghlacfar leis. Tá cúnamh ar fáil dhom má tá bulaíocht a dhéanamh orm*
- *Is í an ghaeilge teanga an chumann agus an cheantar. Labhraím i gcónaí í agus beidh meas agam uirthi.*
- *Is spórt foirne é an Pheil Ghaelach agus caithfidh tú có-oibriú le do thraenálaíthe, imreoirí agus baill eile den Chlub.*
- *Glac le cinneadh an réiteora. Is féidir le do chaitpáen nó do thraenálaí ceisteanna a chur.*
- *Glac buíochas leis an bhfoireann eile agus an réiteoir tar éis an chluiche.*
- *Páirt den spórt is ea buachaint agus cailleadh. Bí ómasach nuair a bhuann tú agus nuair a chailleann tú.*
- *Déan freastail ar chuile seisiún traenála.*
- *Déanfaidh mé breis chleachtadh ar mo chuid scileanna sa mbaile.*
- *Cur in iúl do bhainistíocht na foirne roimhré i gcónaí munar féidir a bheith i láthair le haghaidh traenála nó cluichí.*
- *Cuimhnigh go bhfuil tú ag imirt ar do shon féin, ar son do chumann, do chlann agus an CLG.*

Tuismitheoirí

- *Cuimhnigh go n-imríonn daoine óga ar mhaithe leo féin, ní ar mhaithe leatsa amháin.*
- *Tabhair tacaíocht dod' chlann na rialacha a leanacht i gcónaí.*
- *Inis dod' pháiste go bhfuil iarracht chomh tabhachtach le buachaint agus nach gá a bheith brónach tar éis cluiche is cuma cén toradh.*
- *Tabhair tacaíocht do na páistí scileanna agus cothram na féinne a chur chun cinn.*
- *Déan breis chleachtadh le do mhac/iníon sa mbaile.*
- *Ná bí ag tabhairt amach faoi, nó le páiste ar bith as ucht botún a dhéanamh nó cluiche a chailleadh.*
- *Ná cur béim ar chluiche a bhuachaint thar aon rud eile.*
- *Is í an ghaeilge teanga an chumainn agus an cheantar. Cuirfidh mé é seo ina luí ar mo ghasúr.*
- *Déan iarracht drochúsáid teanga a ghearradh amach as spórt an CLG i gcónaí.*
- *Ná bain úsáid as droch fhoclaíocht nó ná bí ag cur as do réitóirí, traenáilaithe nó imreoirí.*
- *Tuismitheoirí, déan cinnte go n-iompraíonn do mhac/d'iníon iad féin go míinte i gcónaí ag traenáil, ag cluichí, ar bhusanna chuig cluichí nó aon imeacht de chuid an chumainn. Déan cinnte go leanann siad aon treoir a thugtar dóibh ón duine fásta atá i gceannas.*
- *Glacaim leis go gcaithfidh mo pháiste Cosain Fiacla a chaitheamh ag traenáil agus ag cluichí agus nach mbeidh sé/sí in ann imirt ná traenáil gan ceann.*
- *Glacaim leis nach féidir ach cúram fisiteiripe an chumainn a usáid le gortaithe mo mhac/iníon gan treoir a fháil ó dhochtúir i dtosach agus caithfear é a chur in iúl do bhainisteoir an fhoireann sula ndéanfar coinne.*
- **Tabhachtacht:** *Tuigim nach n-íocfaidh CLG na Ceathrún Ruaidh aon chostaisí ospidéal/leighis/fiaclóra muna bhfuil na foirmeacha cuí árachas líonta amach agam taobh istigh de 30 lá. Tá an freagracht go h-íomlán ar an tuismitheoir é seo a chuinntiú. Tá an fhoirm árachais le fáil ó 0861050970.*

Oifigigh agus Lucht Riaracháin

1. Cinntigh go bhfuil gach duine chomh páirteach céanna agus bí féaráilte le gach duine.
2. Bí cinnte go bhfuil dóthain feitheoireachta mar shampla traenáilaithe oilte.
3. Bíodh an bhéim ar thaitneamh a bhaint as an spórt mar go meallann sé seo imreoirí le bheith páirteach.
4. Eagraigh cúrsaí do dhaoine fásta chun leibhéal ard traenála a chur chun cinn.
5. Mol an chothromaíocht; cinntigh go dtuigeann gach duine fásta a ndualgais.
6. Bíodh gach rud in oiriúint do chumas agus do riachtanais na n-imreoirí.
7. Bíodh meas ar fhoirne eile agus ná caitear go dona leo ar aon bhealach.
8. Bíodh na scileanna agus na riachtanais eagraíochtúla nua-aimseartha.

Bainisteoirí/Traenáilaithe/Meantóirí/Cuiditheoirí

1. Bí in am, réitithe go cuí, bí i do cheannaire eiseamláireach.
2. Ná bí ag caitheamh ná ag ól os comhair imreoirí óga. Ná tar ag traenáil nó cluiche agus ól déanta agat. Caithfear an rial dhian seo a chur i bhfeidhm ar mhaithe le sláinte agus sábháilteacht na mball go léir.
3. Tapaigh gach deis cúrsaí breisoiliúna a dhéanamh chun cur le do chuid scileanna traenála. Tabharfaidh an coiste gach cúnaimh duit maidir le heolas faoi na cúrsaí seo agus costais taistil.
4. Bí freagrach, tabhair aird ar ghearán nó ar imní a léiríonn gasúr maidir lena p(h)áirt sa spórt.
5. Bí eolach ar ghasúir a thraenáil.
6. Bíodh gach seisiún pleanáilte agus ullmhaithe i gceart.
7. Agus traenáil á heagrú; cuir aois, cumas, taithí, láidreacht agus aibíocht na n-imreoirí san áireamh.
8. Bí dearfach sna seisiúin traenála, ionas go bhfágfaidh imreoirí le féinmhuinín.
9. Ná bain an iomarca cluichí as imreoirí óga maithe. Bí féarálte agus tabhair deis imeartha do gach imreoir.
10. I dtaobh imreoirí faoi aois, ná bíodh an bhéim ar fad ar chluichí a bhuachan, tá an imirt agus taitneamh a bhaint aisti tábhachtach chomh maith. Tá polasaithe sábháilteachta riachtanach. Sa mhéid seo, tabhair seans imeartha do na himreoirí ar fad ar an bpainéal i gcluichí. Má tá imreoir ag traenáil, ba cheart seans a thabhairt dó/di i gcluichí is cuma cén cumas atá aige/aici.
11. Bíodh meas ar fhoirne eile agus ar a lucht bainistíochta.
12. Muin iompar spórtúil do na himreoirí agus bíodh an deis acu é seo a léiriú.
13. Bíodh tús áite ag na gnéithe tábhachtacha.
14. Muin dea-iompar is cuma más buacach nó caillteach.
15. Muin an difear idir ceart agus mícheart; bíodh tuiscint ag na gasúir ar a bhfreagrachtaí.
16. Ná béic ar imreoirí agus ná bí ag magadh fúthu má dhéanann siad botún.
17. Ná cuir aon phionós corpartha i bhfeidhm.
18. Mol an óige. Is é an iarracht is tábhachtaí.
19. Bí eolach ar ghortuithe agus lorg comhairle ó shaineolaithe.
20. Má bhíonn an fhoireann ar thuras, caithfidh seomraí codlata ar leith a bheith ag daoine fásta, ag buachaillí agus ag cailíní.
21. Bí airdeallach ar chásanna ar leith a d'fhéadfaí míchiall a bhaint astu agus a bhféadfaí líomhaintí ar iompar mígheanasach a chur ina leith e.g. fanacht i dteach an traenálaí thar oíche, ramhaltaíocht, jócanna etc.
22. Seachain lámh a leagan ar imreoir go míchuí agus teicnící á dtaispeáint nó Garchabhair á tabhairt.
- 23. Ná déan seisiún traenála leat féin ariamh.**
24. Ná bí leat féin i gcarr nó sa seomra feistis le himreoir óg.
25. **AG CLUICHÍ** - Bíodh an feisteas cuí sna dathanna cuí ar gach imreoir sa gclub.
26. **Bí eolach faoi cleachtais clárúcháin, árachas agus físteiripe an chumann.**
27. Bí eolach ar an dochtúir atá ar duité ar dáta an chluiche.
28. Nótaí a choinnéail le mí-iompar imreoir.
29. **Tuarisc an reiteora:**

Smachtbhannaí

Tá sé tabhachtach mar imreoir, baill, traenálaí, bainisteoir agus tuismitheoir go gclóifí le rialacha an chumainn. I gcás briseadh an Chód iompar, tugfar éisteacht chóir do chuile thaobh.

Is féidir na smachtbhannaí seo a leanas a chur i bhfeidhm:

Smachtbhanna do imreoir fásta

- Comhairle ón bhfoireann bainistíochta a chur ar an t-imreoir.
- Comhairle sa bhreis ó Choiste Smachta Coiste Cumann Peile na Ceathrún Ruaidh más gá a chur ar an t-imreoir. I gcás na mná, tiocfaidh an comhairle seo ó Chumann Peile na mBan.
- I gcás tromchúiseach, má bhristear rialacha an chumainn ní bheidh aon rogha ag C.L.G. An Cheathrú Rua ach an t-imreoir a chur ar fionraí ar an bpointe, fad a bheidh Coiste C.L.G. An Cheathrú Rua/Cumann Peile na mBan ag plé an scéil.
- D'fhéadfadh sé tarlú chomh maith má bhíonn an scéal sách tromchúiseach go bhféadfaí an t-imreoir a fhágáil den phainéal don traenáil agus cluichí go dtiocfar ar réiteach.
- Ní fhágfar an t-imreoir den phainéal ach amháin má chuireann a g(h)níomhaíochtaí sábháilteacht imreoir eile i mbaol, nó má chuireann siad isteach ar an bhfoireann agus ar an mbainistíocht.

Smachtbhanna do imreoir óg

- Comhairle ón fhoireann bainistíochta a chur ar an t-imreoir.
- Comhairle sa bhreis ón fhoireann bainistíochta a chur ar an t-imreoir in éineacht lena tuismitheoir.
- Aischothú rialta a thabhairt don tuismitheoir faoi iompar leanúnach an imreoir.
- Cuirfidh an bhainisteoir in iúl do Chathaoirleach Choiste Peile na nÓg/Cathaoirleach Cumann Peile na mBan má tá iompar mí-chuí leanúnach ann.
- I gcás tromchúiseach, má bhristear rialacha an chumainn ní bheidh aon rogha ag Coiste Peile na nÓg C.L.G. An Cheathrú Rua/Cumann Peile na mBan ach an t-imreoir a chur ar fionraí ar an bpointe, fad a bheidh Coiste peile na nÓg/Cumann Peile na mBan ag plé an scéil.
- D'fhéadfadh sé tarlú chomh maith má bhíonn an scéal sách tromchúiseach go bhféadfaí an t-imreoir a fhágáil den phainéal don traenáil agus cluichí go dtiocfar ar réiteach.
- Ní fhágfar an t-imreoir den phainéal ach amháin má chuireann a g(h)níomhaíochtaí sábháilteacht imreoir eile i mbaol, nó má chuireann siad isteach ar an bhfoireann agus ar an mbainistíocht.

Smachtbhannaí eile

- **Tuismitheoir:** táthar ag súil go gcloífídh tuismitheoir leis an gCód Iompar maidir le dea-chleachtais an chumann a chur i bhfeidhm. Muna gcloífí leis, is féidir le Coiste peile na nÓg/Cumann Peile na mBan/Coiste CLG na Ceathrún Ruaidh an t-iompar mí-chuí a phlé leis an tuismitheoir.
 - **Bainisteoir/Traenalaí:** Tá CLG na Ceathrún Ruaidh an-bhuíoch do bhainisteoirí/traenalaithe a thugann a gcuid ama go deonach ar son foirne a thraenáil. Ó am go chéile, bheadh ar Choiste peile na nÓg, Cumann Peile na mBan nó Coiste CLG na Ceathrún Ruaidh smachtbhannaí a chur i bhfeidhm i dtaobh iompar mí-chuí.
1. Go bpléfidh Coiste CLG na Ceathrún Ruaidh nó Coiste Peile na nÓg nó Cumann Peile na mBan an t-Iompar mí-chuí leis an mBainisteoir/An traenalaí.
 2. I gcás tromchúiseach, má bhristear rialacha an chumann ní bheidh aon rogha ag C.L.G. An Cheathrú Rua ach an bainisteoir/traenalaí a chur ar fionraí ar an bpointe, fad a bheidh Coiste C.L.G An Cheathrú Rua nó Coiste Peile na nÓg nó Cumann Peile na mban ag plé an scéil.

Nóta:

1. Má chuireann gach duine i spórt an cód iompair i bhfeidhm beidh na himreoirí agus a gceannairí spóirt sásta, sláintiúil agus rathúil.
2. Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí nuair is gá.